



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0084(COD)

7670/22
ADD 5

CSC 128
CSCI 45
CYBER 100
INST 99
INF 40
CODEC 385
IA 34

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 119 final - Iarscríbhinn 5
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 119 final - Iarscríbhinn 5.

Faoi iamh: COM(2022) 119 final - Iarscríbhinn 5



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2022
COM(2022) 119 final

ANNEX 5

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an
Aontais**

{SWD(2022) 65 final} - {SWD(2022) 66 final}

IARSCRÍBHINN V

Faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh ('FRAE') a chosaint i gconarthaí rúnaicmithe agus i gcomhaontuithe deontais

Chun críocha na hIarscríbhíne seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV, ciallaíonn 'Imréiteach slándála saoráide' nó 'FSC' cinneadh riaracháin a dhéanann Údarás Slándála Náisiúnta, Údarás Slándála Ainmnithe nó aon údarás slándála inniúil eile gur féidir le saoráid leibhéal leordhóthanach cosanta a chur ar fáil do FRAE ó thaobh na slándála de ar leibhéal rúnaicmithe slándála sonrach.

Rochtain ag pearsanra de chuid conraitheoirí agus de chuid tairbhíthe ar FRAE

1. Áiríteoidh gach institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais, mar údarás conarthach nó deonaithe, go gcuimseofar sna conarthaí rúnaicmithe nó sna comhaontuithe deontais rúnaicmithe forálacha lena léireofar, maidir le pearsanra de chuid conraitheora, de chuid fochonraitheora nó de chuid tairbhí, a dteastaíonn rochtain ar FRAE uathu chun Conradh rúnaicmithe, fochonradh rúnaicmithe nó comhaontú rúnaicmithe a fheidhmiú, nach bhféadfaí an rochtain sin a dheonú dóibh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) má tá sé suite go bhfuil riachtanas eolais acu;
 - (b) maidir le faisnéis a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET, má dheonaigh an tÚdarás Slándála Náisiúnta, an tÚdarás Slándála Ainmnithe lena mbaineann nó aon údarás slándála inniúil eile Imréiteach Slándála Pearsanra dóibh ar an leibhéal ábhartha;
 - (c) má cuireadh ar an eolas iad faoi na rialacha slándála is infheidhme maidir le FRAE a chosaint, agus má d'admhaigh siad a bhfreagrachtaí maidir leis an bhfaisnéis sin a chosaint.
2. I gcás inar mian le conraitheoir nó tairbhí náisiúnach tríú tír nach tír fhostú i bpost inar gá rochtain a bheith ar fhaisnéis a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET, is é an conraitheoir nó an tairbhí a bheidh freagrach as an nós imeachta maidir le himréiteach slándála a thionscnamh i leith an duine sin i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta is infheidhme ag an áit a ndeonófar rochtain ar FRAE.

Imréiteach Slándála Saoráide ('FSC')

3. Deonaíonn an tÚdarás Náisiúnta Slándála nó an tÚdarás Slándála Ainmnithe nó aon údarás slándála inniúil eile de chuid Ballstáit imréiteach slándála saoráide ('FSC') chun a léiriú, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin náisiúnta, gur féidir le heintiteas FRAE a chosaint ar an leibhéal aicmithe iomchuí (CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET) laistigh dá shaoráidí.
4. Ní mór d'institiúid nó do chomhlacht de chuid an Aontais, mar údarás conarthach nó deonaithe, fógra a thabhairt, trína Údarás Slándála Náisiúnta, don Údarás Slándála Náisiúnta nó don Údarás Slándála Ainmnithe iomchuí nó d'aon údarás slándála inniúil eile i gcás ina bhfuil gá le FSC chun an Conradh nó an comhaontú deontais a chomhlíonadh.
5. Bíonn gá le FSC i gcás nach mór faisnéis a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a sholáthar do shaoráidí na n-

iarrthóirí, na tairgeoirí nó na n-iarratasóirí le linn an nós imeachta um sholáthar nó um dhámhachtain deontas.

6. Ní mór d'institiúid nó do chomhlacht de chuid an Aontais, mar údarás conarthach nó deonaithe, deimhniú FSC a fháil, trína Údarás Slándála, don iarrthóir, don tairgeoir nó don chonraitheoir, nó don iarratasóir nó don tairbhí deontais sula ndeonóidh sí rochtain ar FRAE dó.
7. I gcás nach n-eisíonn Ballstáit FSCanna do bhunaíochtaí áirithe faoi dhlíthe náisiúnta, ní mór don údarás conarthach nó deonaithe a fhíorú leis an Údarás Náisiúnta Slándála nó leis an Údarás Slándála Ainmnithe lena mbaineann an bhfuil na bunaíochtaí sin in ann FRAE a láimhseáil ar an leibhéal is gá.
8. Cé is moite de na cásanna dá dtagraítear i bpointe 7, ní fhéadfaidh an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais, mar údarás conarthach, conradh rúnaicmithe ná comhaontú deontais rúnaicmithe a shíniú sula bhfaighidh siad deimhniú, trína n-Údarás Slándála Náisiúnta ábhartha, ón Údarás Slándála Náisiúnta ábhartha, ón Údarás Slándála Ainmnithe nó ó aon údarás inniúil náisiúnta eile go bhfuil FSC iomchuí eisithe.
9. Beidh cúis leordhóthanach le haistarraingt FSC a dhéanann an tÚdarás Slándála Náisiúnta ábhartha, an tÚdarás Slándála Ainmnithe ábhartha nó aon údarás inniúil slándála eile don údarás conarthach nó don údarás deonaithe, chun conradh rúnaicmithe nó comhaontú deontais a fhoirceannadh nó chun iarrthóir, tairgeoir nó iarratasóir a eisiamh ón gcomórtas.

Forálacha maidir le conarthaí rúnaicmithe agus comhaontuithe deontais a thairiscint agus a chur chun feidhme

10. I gcás ina gcuirtear FRAE ar fáil d'iarrthóir, do thairgeoir nó d'iarratasóir le linn an nós imeachta soláthair nó roghnúcháin, ní mór a áireamh sa ghlaao ar thairiscintí nó sa ghlaao ar thograí oibleagáid ar an iarrthóir, ar an tairgeoir nó ar an iarratasóir nach roghnaítear gach doiciméad rúnaicmithe a thabhairt ar ais laistigh de thréimhse shonraithe ama.
11. Mar riail ghinearálta, ceanglaítear ar an gconraitheoir nó ar an tairbhí deontais aon FRAE atá ina sheilbh aige a thabhairt ar ais don údarás conarthach nó deonaithe ar fhoirceannadh an chonartha rúnaicmithe nó an chomhaontaithe deontais nó ar dheireadh a chur le rannpháirtíocht tairbhí deontais.
12. Ní mór a leagan síos sa Doiciméad ar Ghnéithe Slándála forálacha sonracha maidir le diúscairt FRAE le linn fheidhmiú an chonartha rúnaicmithe nó an chomhaontuithe deontais nó tráth a fhoirceannfar é.
13. I gcás ina mbeidh an conraitheoir nó an tairbhí deontais údaraithe FRAE a choinneáil tar éis fhoirceannadh conartha rúnaicmithe nó comhaontú deontais rúnaicmithe, ní mór dó leanúint de na híoschaighdeán atá sa Rialachán seo a chomhlíonadh agus ní mór don chonraitheoir nó don tairbhí deontais rúndacht FRAE a chosaint.
14. Na coinníollacha a bhaineann le cosaint FRAE faoina bhféadfaidh an conraitheoir nó an tairbhí fochonraitheoireacht a dhéanamh sa ghlaao ar thairiscintí nó sa ghlaao ar thograí, agus sa chonradh nó sa chomhaontú deontais rúnaicmithe.
15. Ní mór do chonraitheoir nó do thairbhí cead a fháil ón údarás conarthach nó ón údarás deonaithe sula ndéanfaidh sé aon chodanna de chonradh rúnaicmithe nó codanna rúnaicmithe de chomhaontú deontais a chur ar fochonradh.

16. Ní mór don chonraitheoir nó don tairbhí a bheith freagrach as a áirithiú go dtugtar faoi na gníomhaíochtaí fochonraitheoireachta ar fad i gcomhréir leis na híoschaighdeáin a leagtar síos sa Rialachán seo agus níor cheart dó FRAE a sholáthar d'fhochonraitheoir gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás conarthach nó deonaithe.
17. Maidir le FRAE arna chruthú ag an gconraitheoir nó ag an tairbhí, meastar gurb é an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais, arb é an t-údarás conarthach nó an t-údarás deonaithe é, an tionscnóir agus ní mór dó na cearta atá ar an tionscnóir a fheidhmiú.
18. I gcás ina gceanglóidh Ballstáit FSC nó Imréiteach Slándála Pearsanra le haghaidh conarthaí, comhaontuithe deontais nó fochonarthaí ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED faoina ndlíthe agus a rialacháin náisiúnta, níor cheart do na hinstitiúidí agus na comhlachtaí de chuid an Aontais, mar údaráis chonarthacha nó deonúcháin na ceanglais náisiúnta sin a úsáid chun oibleagáidí breise a chur ar Bhallstáit eile ná tairgeoirí, iarratasóirí, conraitheoirí, tairbhíthe ná fochonraitheoirí ó Bhallstáit nach bhfuil na ceanglais FSC ná Imréiteach Slándála Pearsanra sin acu le haghaidh rochtain ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED ó chonarthaí, ó chomhaontuithe deontais nó ó fhochonarthaí gaolmhara, ná ón iomaíocht dá leithéid a eisiamh.

Cuairteanna i ndáil le conarthaí rúnaicmithe agus comhaontuithe deontais rúnaicmithe

19. I gcás inar gá rochtain a bheith ag institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, údarás deonúcháin, saineolaithe, tairbhíthe nó fochonraitheoirí ar fhaisnéis a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET ar áitribh a chéile i gcomhthéacs conradh rúnaicmithe nó comhaontú deontais rúnaicmithe a chur chun feidhme, ní mór cuairteanna a shocrú i gcomhairle leis na hÚdaráis Slándála Náisiúnta, na hÚdaráis Slándála Ainmnithe nó le haon údaráis slándála inniúla eile lena mbaineann.
20. Beidh na cuairteanna dá dtagraítear i bpointe 19 faoi réir na gceanglas seo a leanas:
 - (a) ní mór cuspóir oifigiúil a bheith ag an gcuairt a bhaineann leis an gconradh rúnaicmithe nó leis an gcomhaontú deontais rúnaicmithe;
 - (b) ní mór Imréiteach Slándála Pearsanra a bheith ag cuairteoirí ar an leibhéal is gá agus riachtanas eolais a bheith acu chun rochtain a fháil ar FRAE a úsáidtear nó a ghintear i bhfeidhmiú conartha rúnaicmithe nó comhaontaithe deontais rúnaicmithe;
 - (c) ní mór iarraidh fhoirmiúil ar chuairt a chur chuig Údarás Slándála Náisiúnta ábhartha nó Údarás Slándála Ainmnithe ábhartha na saoráide nó chuig Údarás Slándála na hinstitiúide nó an chomhlachta de chuid an Aontais lena mbaineann ar a laghad 15 lá roimh dháta na cuairte.
21. I gcomhthéacs tionscadail shonracha, féadfaidh na hÚdaráis Slándála Náisiúnta nó na hÚdaráis Slándála Ainmnithe agus Údarás Slándála na hinstitiúide nó an chomhlachta de chuid an Aontais lena mbaineann nós imeachta a chomhaontú trínar féidir cuairteanna i ndáil le conradh rúnaicmithe nó deontas rúnaicmithe sonrach a shocrú go díreach idir oifigeach slándála an chuairoteora agus oifigeach slándála na saoráide a bhfuiltear le cuairt a thabhairt uirthi. Ní mór nós imeachta eisceachtúil den sórt sin a leagan amach sa Chlár nó i dTreoir Slándála an Tionscadail nó i socruithe sonracha eile.

22. Ní mór cuairteanna ina bhfuil rochtain ar fhaisnéis a aicmítear mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED i gceist a shocrú go díreach idir an t-eintiteas seolta agus an t-eintiteas glactha.

Tarchur leictreonach FRAE i ndáil le conarthaí rúnaicmithe agus comhaontuithe deontais rúnaicmithe

23. Ní mór FRAE a láimhseáil agus a tharchur go leictreonach i gcomhréir le Caibidil 5 de Roinn 5.

Maidir leis na Córais Chumarsáide agus Faisnéise (CCF) ar le conraitheoir, tairbhí nó fochonraitheoir iad agus a úsáidtear chun FRAE a láimhseáil agus a stóráil chun an conradh nó an comhaontú deontais a chomhlíonadh, ní mór iad a bheith faoi réir chreidiúnú ó Údarás um Chreidiúnú Slándála (SAA) na tíre nó ón eagraíocht idirnáisiúnta ar faoina húdarás a fheidhmíonn an conraitheoir, an tairbhí nó an fochonraitheoir.

Ní mór aon tarchur leictreonach de FRAE i gcomhthéacs conarthaí rúnaicmithe agus comhaontuithe deontais rúnaicmithe a chosaint le táirgí cripteagrafacha arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 42.

24. Féadfar creidiúnú slándála an chonraitheora nó an tairbhí CIS a láimhseálann FRAE ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED agus aon idirnascadh de a tharmhligéan chuig oifigeach slándála conraitheora nó tairbhí i gcás ina gceadaítear sin le dlíthe agus rialacháin náisiúnta.

I gcás ina dtarmhligfear an cúram creidiúnaithe slándála, beidh an conraitheoir nó an tairbhí freagrach as na híosccheanglais slándála a dtugtar tuairisc orthu sa Doiciméad ar Ghnéithe Slándála a chur chun feidhme agus faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED á láimhseáil aige ar a CCF. Is ar na hÚdaráis Slándála Náisiúnta ábhartha nó ar na hÚdaráis Slándála Náisiúnta agus ar na SAAnna a bheidh an fhreagracht i gcónaí faisnéis a aicmítear mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chosaint, ar faisnéis í a láimhseálann nó a stóráilann an conraitheoir nó an tairbhí, agus beidh sé de cheart acu iniúchadh a dhéanamh ar na bearta slándála a dhéanann an conraitheoir nó an tairbhí.

Ina theannta sin, cuirfidh an conraitheoir nó an tairbhí ráiteas comhlíontachta ar fáil don institiúid agus don chomhlacht de chuid an Aontais, mar údarás conarthach nó deonúcháin, agus, i gcás ina gceanglófar sin le dlíthe agus rialacháin náisiúnta, don SAA inniúil náisiúnta, ráiteas ina ndeimhnítear gur creidiúnaíodh CCF an chonraitheora nó an tairbhí agus na hidirnáise ghaolmhara i ndáil le FRAE ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil agus a stóráil.

Iompar de láimh FRAE i ndáil le conarthaí rúnaicmithe agus comhaontuithe deontais rúnaicmithe

25. Ní mór iompar de láimh faisnéise rúnaicmithe a bhaineann leis na conarthaí rúnaicmithe agus leis na comhaontuithe deontais a bheith faoi réir diancheanglais slándála.
26. Féadfaidh pearsanra de chuid conraitheora nó de chuid tairbhí laistigh den Aontas Eorpach faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar, ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:
- (a) is clúdach teimhneach nó pacáistíocht theimhneach a úsáidfear agus ní bheidh aon léiriú air nó uirthi ar aicmiúchán a inneachair nó a hinneachair;

- (b) coinníonn an t-iompróir seilbh ar an bhfaisnéis rúnaicmithe i gcónaí;
 - (c) ní osclaítear an t-imchlúdach nó an pacáistiú go dtí go sroicheann sé a cheann scríbe deiridh.
27. Maidir le faisnéis a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET, déantar an t-iompar de láimh a dhéanann pearsanra de chuid conraitheora nó de chuid tairbhí laistigh de Bhallstát a shocrú roimh ré idir na heintitis seolta agus ghlactha.
- Cuirfidh an t-údarás nó an tsaoráid is seoltóir mionsonraí na coinsíneachta in iúl don údarás nó don tsaoráid is faighteoir, lena n-áirítear tagairt, aicmiúchán, an t-am a mheasfar a shroichfear an ceann scríbe agus ainm an chúiréara. Ceadaítear iompar de láimh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:
- (a) iompraítear an fhaisnéis rúnaicmithe i gclúdach dúbailte nó i bpacáistíocht dhúbailte;
 - (b) tá an clúdach seachtrach nó an phacáistíocht sheachtrach dúnta go daingean agus ní bheidh aon léiriú air nó uirthi ar aicmiúchán a inneachair nó a hinneachar, agus beidh leibhéal an aicmiúcháin ar an gclúdach litreach istigh;
 - (c) coinníonn an t-iompróir seilbh ar FRAE i gcónaí;
 - (d) ní osclaítear an t-imchlúdach nó an pacáistiú go dtí go sroicheann sé a cheann scríbe deiridh;
 - (e) iompraítear an clúdach nó an phacáistíocht i mála cáipéisí ar féidir é a chur faoi ghlas nó i gcoimeádán formheasta dá shamhail atá de mhéid agus de mheáchan a fhágann gur féidir leis an iompróir é a choimeád i gcónaí;
 - (f) beidh deimhniú cúiréara á iompar ag an gcúiréir arna eisiúint ag a nÚdarás Slándála inniúil lena n-údaraítear don chúiréir an choinsíneacht rúnaicmithe a iompar mar a shainaithnítear.
28. A mhéid a bhaineann le hiompar de láimh a dhéanann pearsanra de chuid conraitheora nó de chuid tairbhí d'fhaisnéis a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, chomh maith leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe 27, beidh feidhm ag na rialacha breise seo a leanas:
- (a) tá an cúiréir freagrach as an ábhar rúnaicmithe atá á iompar a choimeád slán go dtí go dtabharfar ar láimh é don fhaighteoir;
 - (b) i gcás sárú slándála, féadfaidh Údarás Slándála Náisiúnta nó Údarás Slándála Ainmnithe an tseoltóra a iarraidh go ndéanfaidh na húdaráis sa tír inar tharla an sárú imscrúdú, go ndéanfaidh siad a gcuid torthaí a thuairisciú agus go dtionscnóidh siad caingean dlí nó go ndéanfaidh siad gníomh eile de réir mar is iomchuí;
 - (c) ní mór an cúiréir a bheith curtha ar an eolas faoi na hoibleagáidí slándála ar fad a bheidh le comhlíonadh le linn an iompair agus ní mór admháil iomchuí a bheith sínithe aige nó aici;
 - (d) ní mór na teoracha don chúiréir a chur i gceangal leis an deimhniú cúiréara;
 - (e) ní mór tuairisc ar an gcoinsíneacht agus cúrsa taistil a chur ar fáil don chúiréir;
 - (f) ní mór an deimhniú cúiréara agus na doiciméid a ghabhann leis a chur ar ais chuig an Údarás Slándála Náisiúnta nó chuig an Údarás Slándála Ainmnithe

nuair a bheidh an turas nó na turais curtha i gcrích nó ní mór iad a bheith ar fáil ag faighteoir an deimhnithe cúiréara chun críocha monatóireachta;

- (g) i gcás ina n-iarrann údaráis chustaim, údaráis inimirce nó póilíní teorann an choinsíneacht a scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh uirthi, beidh cead acu codanna leordhóthanacha den choinsíneacht a oscailt agus breathnú orthu lena shuí nach bhfuil aon ábhar inti seachas an t-ábhar a dhearbhaítear;
- (h) ba cheart áitiú ar údaráis chustaim urraim a thabhairt d'údarás oifigiúil na ndoiciméad loingseoireachta agus na ndoiciméad údarúcháin a iompraíonn an cúiréir.

I gcás ina n-osclaíonn lucht custaim coinsíneacht, ba cheart é sin a dhéanamh as radharc daoine neamhúdaráithe agus i láthair an chúiréara más féidir. Ní mór don chúiréir a iarraidh go ndéanfar an choinsíneacht a athphacáil agus ní mór dó a iarraidh ar na húdaráis a dhéanfaidh an t-iniúchadh an choinsíneacht a athshéalú agus a dhearbhu i scríbhinn gurb iad a d'oscail í.

29. Maidir le hiompar de láimh a dhéanann pearsanra de chuid conraitheora nó de chuid tairbhí d'fhaisnéis a aicmítear ar leibhéal SECRET UE/EU SECRET chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, beidh sé faoi réir fhorálacha an chomhaontaithe maidir le slándáil faisnéise arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin.

Iompar FRAE ag teachtairí tráchtála agus mar lasta i dtaca le conarthaí rúnaicmithe agus comhaontuithe deontais

30. Ní mór FRAE a bheith á iompar ag teachtairí tráchtála i gcomhréir le forálacha ábhartha Iarscríbhinn IV.
31. A mhéid a bhaineann le hiompar ábhair rúnaicmithe mar lastas, ní mór na prionsabail seo a leanas a chur i bhfeidhm agus socruithe slándála á gcinneadh:
- (a) ní mór an tslándáil a ráthú ag gach céim le linn an iompair ón bpointe tionscnaimh go dtí an ceann scríbe deiridh;
 - (b) ní mór an méid cosanta a thabharfar do gach coinsíneacht a chinneadh leis an leibhéal rúnaicmithe ábhair is airde a bheidh istigh inti;
 - (c) ní mór FSC ar an leibhéal cuí a fháil do chuideachtaí a sholáthraíonn iompar. I gcásanna den sórt sin, ní mór imreiteach slándála a bheith ag an bpersanra a láimhseálann an choinsíneacht;
 - (d) roimh aon ghluaiseacht trasteorann d'ábhar a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET, ní mór don choinsíneoir plean iompair a dhréachtú agus ní mór don Údarás Slándála Náisiúnta, don Údarás Slándála Ainmnithe nó d'aon údarás slándála inniúil eile lena mbaineann é a fhormheas;
 - (e) ní mór turais a dhéanamh ó phointe go pointe a mhéid is féidir, agus ní mór iad a thabhairt chun críche chomh tapa agus is féidir de réir na gcúinsí;
 - (f) nuair is féidir, is trí na Ballstáit amháin a bheidh na bealaí. Ní féidir bealaí trí thríú tíortha a ghlacadh ach amháin má údaraíonn an tÚdarás Slándála Náisiúnta, an tÚdarás Slándála Ainmnithe nó aon údarás slándála inniúil eile de chuid Stáit an choinsíneora agus an choinsíní araon iad.